Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10902/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0175 (NLE)**

**ECOFIN 864**
**UEM 288**
**FIN 929**
***ECB***
***EIB***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 316 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 15 Nollaig 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 316 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 316 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2026
COM(2026) 316 final

2026/0175 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 15 Nollaig 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir**

{SWD(2026) 171 final}

2026/0175 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 15 Nollaig 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ungáir an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 11 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022[2].

(2) An 31 Lúnasa 2023, chuir an Ungáir plean modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3].

(3) An 10 Meitheamh 2026, rinne an Ungáir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla mar gheall ar mhéaduithe costais a eascraíonn as luaineacht praghsanna fuinnimh, athruithe gan choinne i gcúinsí geopholaitiúla, dúshláin chur chun feidhme gan choinne, moilleanna de bharr srianta ama nó brú sceidealaithe, agus forbairtí dlíthiúla nó rialála eile. Chuige sin, tá plean nua téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta curtha isteach ag an Ungáir.

(4) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna a chuir an Ungáir chun cinn, go bhfuil údar maith leis an iarraidh an cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a leasú de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 a leasú.

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
2 Féach doiciméid: 15447/22 INIT; ST 15447/22 ADD 1.
3 Féach doiciméid: ST 15964/23 REV 1; ST 15964/23 REV 2(bg); ST 15964/23 ADD 1.

(5) An 8 Iúil 2025 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na hUngáire i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle don Ungáir comhordú éifeachtach ar bheartais mhaicreacnamaíocha a shaothrú, deireadh a chur le huasteorainneacha ar phraghsanna agus ar rátaí úis de réir a chéile, an creat buiséadach meántéarmach a neartú, inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean a fheabhsú, an timpeallacht ghnó a fheabhsú, forbairt na margaí caipitil a spreagadh, an creat nuálaíochta a neartú, dlús a chur le héagsúlú an tsoláthair breosla iontaise, deireadh a chur le fóirdheontais breosla iontaise de réir a chéile, feabhas a chur ar sholúbthacht agus iomaíocht san earnáil leictreachais, feabhas a chur ar athléimneacht uisce, feabhas a chur ar chiorclaíocht, feabhas a chur ar thorthaí oideachais agus rannpháirtíocht grúpaí faoi mhíbhuntáiste in oideachas príomhshrutha ar ardchaighdeán a mhéadú, rochtain ar bhearta an mhargaidh saothair a mhéadú, idirphlé sóisialta éifeachtach a áirithiú, feabhas a chur ar leordhóthanacht an chúnaimh shóisialta agus rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha a áirithiú mar aon le díriú ar bhearta tacaíochta tithíochta agus an soláthar tithíochta a mhéadú. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha sin tráth a cuireadh isteach an plean nua téarnaimh agus athléimneachta, shuigh an Coimisiún nach ndearna an Ungáir cur chun feidhme iomlán ná nár bhain sí amach dul chun cinn substaintiúil i ndáil le haon cheann de na moltaí.

(6) An 21 Bealtaine 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an Ungáir faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]. Mar thoradh ar anailís an Choimisiúin, tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag an Ungáir, ós rud é go bhfuil leochaileachtaí fós ann a bhaineann le hiomaíochas, easnamh ard rialtais agus riachtanais mhaoiniúcháin, praghsanna tithe agus idirghabhálacha rialtais sa mhargadh airgeadais.

(7) Ba cheart cuspóirí ginearálta na Saoráide um Théarnamh agus Athléimneacht a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/241 (an 'tSaoráid') agus cuspóirí ginearálta Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna bunú le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle a shaothrú le pleananna téarnaimh agus athléimneachta chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19. Ba cheart dóibh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn trí rannchuidiú leis na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.

(8) Ba cheart cur chun feidhme pleananna téarnaimh agus athléimneachta na mBallstát a bheith ina iarracht chomhordaithe lena ndéanfar athchóirithe agus infheistíochtaí ar fud an Aontais. Trí chur chun feidhme comhordaithe agus comhuaineach agus trí chur chun feidhme tionscadal trasteorann agus ilnáisiúnta, ba cheart go ndéanfaidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin a chéile a atreisiú go frithpháirteach agus beidh iarmhairtí dearfacha acu ar fud an Aontais.

***Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún***

(9) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus

[4] Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.

(10) Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta bearta a rannchuidíonn le gach ceann de na sé cholún, agus tugann roinnt comhchodanna aghaidh ar cholúin éagsúla go comhuaineach. Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta raon leathan beart, agus béim ar leith á leagan ar an aistriú glas, ar an gclaochlú digiteach, ar athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach a fhorbairt, agus ar bheartais don chéad ghlúin eile. Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta freisin bearta chun tacú le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus le comhtháthú sóisialta agus críochach, i gcomhréir leis an Straitéis Thionsclaíoch don Eoraip.

(11) Rannchuidítear go mór leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta leis an aistriú glas agus leis an gclaochlú digiteach. Tacaítear leis an aistriú glas go háirithe trí athchóirithe agus infheistíochtaí i réimse an iompair inbhuanaithe, an fhuinnimh, an bhainistithe uisce agus an gheilleagair chiorclaigh. Áirítear leis na príomhbhearta infheistíochtaí in iompar poiblí astaíochta nialasaí, forbairtí ar an eangach fuinnimh agus giniúint fuinnimh in-athnuaite. Tá bearta i roinnt comhpháirteanna arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh poiblí agus cónaithe. Tacaítear leis an gclaochlú digiteach go háirithe trí bhearta chun digiteáil an oideachais agus an riaracháin phoiblí a chur chun cinn, mar aon le digitiú na n-earnálacha sláinte agus fuinnimh, agus forbairt na nuálaíochta digití agus scileanna digiteacha.

(12) Is é is aidhm do líon mór athchóirithe agus infheistíochtaí sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta feabhas a chur ar chúram sláinte agus ar an athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach. Meastar go gcuirfear feabhas ar éifeachtúlacht agus rochtain ar chúram ardcháilíochta le bearta san earnáil cúraim sláinte. Le príomh-athchóirithe institiúideacha, meastar go gcuirfear feabhas ar athléimneacht an gheilleagair trí chomhrac an éillithe a neartú, trí leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus trí neamhspleáchas na mbreithiúna. Is é is aidhm do na hathchóirithe fioscacha an córas cánachais a shimpliú agus é a neartú in aghaidh riosca na pleanála ionsaithí cánach, mar aon le rochtain ar shonraí poiblí a éascú. Meastar go mbainfear fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach amach go háirithe trí bhearta éagsúla arb é is aidhm dóibh iomaíocht agus trédhearcacht sa soláthar poiblí a mhéadú agus taighde agus nuálaíocht a chur chun cinn.

(13) Rannchuidíonn raon leathan beart sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta le comhtháthú sóisialta agus críochach, go háirithe trí athchóirithe agus infheistíochtaí lena dtacaítear le caipiteal daonna a fhorbairt, trí scileanna digiteacha agus gairme a fheabhsú, trí fheabhas a chur ar rochtain ar thimpeallachtaí foghlama ardcháilíochta cuimsitheacha, trí tharraingteacht ghairm na múinteoireachta a mhéadú, agus trí infhaighteacht seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige a leathnú. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag roinnt beart aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha na lonnaíochtaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí cúraim phríomhúil agus ar chúram ospidéil ardcháilíochta.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean nua téarnaimh agus athléimneachta chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar fho-thacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Ungáir, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(15) Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar mór de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an Ungáir sa Seimeastar Eorpach in 2019, 2020, 2022, 2023, 2024 agus 2025, go háirithe maidir leis an aistriú glas agus digiteach, an t-oideachas, an nuálaíocht, an margadh saothair, an beartas sóisialta, an cúram sláinte, an creat frithéillithe, an neamhspleáchas breithiúnach, an iomaíocht sa soláthar poiblí, cáilíocht agus trédhearcacht na cinnteoireachta, comhordú beartais eacnamaíochta, cánachas agus pleanáil ionsaitheach cánach, agus an creat fioscach.

(16) Tá roinnt bearta ábhartha sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú glas. Maidir le táirgeadh fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh, áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta athchóirithe chun feabhas a chur ar nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, nascadh eangaí gléasraí beaga cumhachta in-athnuaite a shimpliú, deireadh a chur le bacainní ar fhorbairt fuinnimh gaoithe, taraifí gréasáin a ríomh, méadair chliste a shuiteáil, ról na gcomhbhailitheoirí a neartú, praghsáil dhinimiciúil a úsáid i gcomhaontuithe ceannaigh leictreachais, iomaíocht sa mhargadh cothromúcháin a spreagadh, pobail fuinnimh a leathnú agus glacadh stórála fuinnimh a mhéadú. Is é is aidhm do na hathchóirithe rannpháirtíocht na ngníomhaithe margaidh sna margaí giniúna agus stórála in-athnuaite a mhéadú. Chun é sin a dhéanamh, is é is aidhm do na hathchóirithe sin dlús a chur leis an nglacadh i nginiúint cumhachta in-athnuaite (gaoth ar talamh go háirithe) agus solúbthacht ar thaobh an éilimh a mhéadú, chomh maith le hiomaíocht sa mhargadh cothromúcháin. Ar an gcaoi sin, meastar go dtabharfaidh na hathchóirithe sin aghaidh ar na moltaí maidir le solúbthacht agus iomaíocht a fheabhsú in earnáil an leictreachais, rud a chuirfidh dlús le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh. Áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta freisin infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh cur in úsáid an táirgthe fuinnimh ghréine a mhéadú, mar aon leis an ngréasán leictreachais a fheabhsú chun comhtháthú slán an fhuinnimh a tháirgtear ó fhoinsí in-athnuaite a cheadú. Áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta freisin roinnt infheistíochtaí chun athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh ar fhoirgnimh phoiblí, go háirithe i réimsí an oideachais, chomh maith le foirgnimh chónaithe lena dtugtar aghaidh ar an moladh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, go háirithe i bhfoirgnimh. Maidir le hiompar inbhuanaithe, áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta infheistíochtaí chun gréasán rianta, iompar bus astaíochtaí nialasacha, córas tram agus bus tralaí Bhúdaipeist agus stáisiúin luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a fhorbairt. Thairis sin, ba cheart go dtabharfadh an Ungáir isteach córas aonair náisiúnta um tharaifí, ticéadú agus faisnéis do phaisinéirí le haghaidh iompar de bhus agus

d'iarnród. Tá bearta sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta freisin arb é is aidhm dóibh athchóirithe a chur chun cinn maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus bainistiú inbhuanaithe dramhaíola, chomh maith le athchóiriú agus infheistiú i mbainistiú inbhuanaithe uisce, lena n-áirítear trí choinneáil uisce dhúlrabhunaithe a chur chun cinn.

(17) Tá roinnt bearta ábhartha sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an aistriú digiteach. Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta bearta arb é is aidhm dóibh leabhair nótaí dhigiteacha a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí san oideachas poiblí, gairis teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) a chur ar fáil do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna, lena n-áirítear scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna, d'ollscoileanna agus d'institiúidí foghlama aosaí, agus chun digiteáil na hearnála cúraim sláinte a mhéadú. Thairis sin, áirítear leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta roinnt beart chun digiteáil an riaracháin phoiblí a mhéadú, go háirithe trí ardáin tuairiscithe leictreonacha chun críoch cánachais agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcóras leictreonach soláthair.

(18) Áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta roinnt beart chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin san oideachas. Tá athchóirithe sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta chun feabhas a chur ar tharraingteacht ghairm na múinteoireachta trí shásra lena n-áiritheofar go ndéanfar pá múinteoirí a chóineasú de réir a chéile go 80 % ar a laghad de mheánphá na gcéimithe treasacha, chun leithscaradh i scoileanna a laghdú agus chun rochtain ar oideachas scoile ar ardchaighdeán a áirithiú, go háirithe trí na gairis is gá chun páirt a ghlacadh in oideachas digiteach nua-aimseartha a chur ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí. Tá infheistíochtaí sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta freisin chun tacú le lánpháirtiú mac léinn a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu san oideachas príomhshrutha.

(19) Tugtar aghaidh ar dhúshláin a bhaineann le taighde agus nuálaíocht trí shaotharlanna náisiúnta a bhunú chun an t-éiceachóras don eolaíocht agus don nuálaíocht a fheabhsú. Leis an tacaíocht do bhunú Gigeamhonarchana Intleachta Saorga agus rochtain orthu chomh maith leis an rannchuidiú le Clár an Aontais um Nascacht Shlán (IRIS2), rannchuidítear freisin leis an gcreat nuálaíochta don earnáil phoiblí agus do ghnólachtaí a neartú.

(20) Tugtar aghaidh ar an moladh tírshonrach maidir leis na grúpaí is leochailí a imeascadh i margadh an tsaothair trí áiteanna breise a chruthú i naíolanna, trí dheiseanna fostaíochta a chur chun cinn dóibh siúd atá ina gcónaí sna lonnaíochtaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste.

(21) Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta bearta éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha a bhaineann le beartais shóisialta trí thacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil d'áitritheoirí an 300 lonnaíocht is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Is é is aidhm do na bearta sin fostaíocht agus forbairt scileanna a chur chun cinn de réir sainiúlachtaí áitiúla, torthaí foghlama níos fearr a bhaint amach trí oideolaíocht atá dírithe ar an bpobal, agus stáisiúin ghrianchumhachta shóisialta a bhunú.

(22) Leagtar amach sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta sraith leathan d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is criticiúla a bhaineann le seirbhísí cúraim sláinte. Áirítear leis sin, go háirithe, infheistíochtaí chun bonneagar agus trealamh ospidéil a uasghrádú, agus cúram

príomhúil agus coisctheach a fhorbairt trí phobail cleachtóirí ginearálta a bhunú a chuirfidh seirbhísí cúraim sláinte comhtháite ar fáil. Comhlánaítear an méid sin le hinfheistíochtaí sa chúram sláinte digiteach, amhail cláir dhigitithe. Tacaíonn beart eile le deireadh a chur le híocaíochtaí aisce sa chóras cúraim sláinte.

(23) Áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta roinnt beart chun an creat frithéillithe agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais a threisiú. Áirítear orthu sin Údarás Sláine a bhunú go dlíthiúil chun cosc, brath agus ceartú calaoise, coinbhleachtaí leasa agus éillithe a threisiú go héifeachtach chomh maith le neamhdhleathachtaí agus neamhrialtachtaí eile a bhaineann le tacaíocht ón Aontas san Ungáir a chur chun feidhme, agus béim ar leith á leagan ar sholáthar poiblí agus fíorú dearbhuithe sócmhainní. De réir an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta, ba cheart cumhachtaí forleathana a bheith ag an Údarás Sláine idirghabháil a dhéanamh i ngach cás nach ndearna na húdaráis náisiúnta inniúla, dar leis, na bearta is gá chun na nithe seo a leanas a chosc, a bhrath agus a cheartú: an chalaois, coinbhleachtaí leasa, an t-éilliú agus neamhdhleathachtaí nó neamhrialtachtaí eile a dhéanann difear do bhainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais. Thairis sin, gheall an Ungáir fógra a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh go raibh sé ar intinn aici a bheith rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) a bhunú. Is éard atá i gceist le beart eile Tascfhórsa Frithéillithe a bhunú, ina mbeidh eagraíochtaí neamhrialtasacha neamhspleácha rannpháirteach go mór, chun scrúdú leanúnach a dhéanamh ar na bearta frithéillithe atá ann cheana agus tograí a tharraingt suas. Ina theannta sin, áirítear leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta bearta chun tacú le comhar neartaithe leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), chun raon feidhme pearsanta agus ábhartha leathnaithe a chur i bhfeidhm maidir le dearbhuithe sócmhainní oifigeach ardriosca áirithe, agus chun deireadh a chun de réir a chéile le fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí a dhéanann gníomhaíocht leasa an phobail agus chun maoirseacht agus an trédhearcacht a áirithiú maidir leis an gcaoi a mbaineann fondúireachtaí bainistíochta sócmhainní leasa phoiblí a dhéanann gníomhaíocht leasa phoiblí, agus daoine dlítheanacha atá bunaithe nó ar bun acu, úsáid as tacaíocht ón Aontas, fad atá siad ann. Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta freisin roinnt athchóirithe arb é is aidhm dóibh na socruithe reachtacha, institiúideacha agus praiticiúla a neartú chun calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa, cistiú dúbailte agus neamhdhleathachtaí eile maidir le húsáid na tacaíochta ón Aontas a chosc, a bhrath agus a cheartú ar bhealach níos éifeachtaí. Is éard atá sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta athchóiriú chun a shuí go bhféadfadh an tseirbhís ionchúisimh nó an t-údarás imscrúdaithe athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar chinntí chun tuarascáil choire a dhíbhe nó deireadh a chur le himeachtaí coiriúla i gcás coireanna speisialta a bhaineann le feidhmiú údaráis phoiblí nó le bainistiú maoine poiblí. Rannchuidíonn roinnt beart sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta le trédhearcacht agus rochtain ar shonraí poiblí a mhéadú, agus é mar aidhm leo freisin an creat frithéillithe a threisiú trí mhaoirseacht neamhspleách a éascú. Áirítear le bearta den sórt sin clár lárnach inchuardaithe maidir le húsáid cistí poiblí a bhunú agus a oibriú, na costais a bhaineann le hiarrataí ar fhaisnéis phoiblí a dhíothú nó a theorannú, nósanna imeachta cúirte maidir le cásanna a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis phoiblí a éascú, deireadh a chur le forais áirithe a dhiúltú ar fhaisnéis phoiblí a bhaint agus a áirithiú go dtabharfar isteach seiceálacha rialta ar chomhlachtaí a dhéanann dualgais phoiblí chun a mheas an gcomhlíonann siad a gceanglais faoi seach maidir le rochtain ar fhaisnéis phoiblí a sholáthar.

(24) Tugtar aghaidh ar an moladh tír-shonrach maidir le neamhspleáchas breithiúnach a neartú le roinnt athchóirithe ar an bplean nua téarnaimh agus athchóirithe, agus tá coinne leis go neartófar leis neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna agus na mbreithiúna arna mbunú le dlí agus, ar an gcaoi sin, go n-ardófar caighdeán na cosanta breithiúnaí agus go bhfeabhsófar an timpeallacht infheistíochta san Ungáir. Áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta bearta chun ról agus cumhachtaí coibhneasta Chomhairle Bhreithiúnach na hUngáire a neartú i ndáil le cumhachtaí Uachtarán Oifig Bhreithiúnach na hUngáire. Trí rialú éifeachtach ag Comhairle Bhreithiúnach na hUngáire ar Uachtarán Oifig Bhreithiúnach na hUngáire a fheidhmiú, tá coinne leis go laghdófaí an fhéidearthacht cinntí treallacha a dhéanamh i riarachán lárnach na gcúirteanna, lena n-áirítear cinntí a bhaineann le ceapacháin bhreithiúnacha, agus, dá bhrí sin, neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú. De réir an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta, ba cheart é sin a bhaint amach go háirithe trí cheanglas a thabhairt isteach maidir le tuairim cheangailteach a bhfuil údar leis ó Chomhairle Bhreithiúnach na hUngáire maidir le cinntí aonair, amhail oiriúnacht na n-iarrthóirí do phoist mar Uachtarán agus Leas-Uachtarán Oifig Bhreithiúnach na hUngáire, bunaithe ar chritéir oiriúnachta; nósanna imeachta ceapacháin le haghaidh poist feidhmiúcháin bhreithiúnacha agus chúirte a neamhniú; an t-aistriú breithiúna; agus breithiúna a bhaint den ghrúpa breithiúna a éisteann cásanna speisialta, lena n-áirítear cásanna riaracháin. Ba cheart do Chomhairle Bhreithiúnach na hUngáire tuairim cheangailteach a bhfuil údar leis a thabhairt maidir le rialacháin amhail an córas pointí do phoist bhreithiúnacha, na coinníollacha maidir le bónais a bhronnadh, oiliúint a chur ar bhreithiúna, an t-ualach oibre náisiúnta, agus an líon post breithiúnach. Ar deireadh, ba cheart an deis a bheith ag breithiúna atá ina gcomhaltaí de Chomhairle Bhreithiúnach na hUngáire go ndéanfaí iad a atoghadh don chéad téarma oifige eile, agus ba cheart rochtain a bheith ag Comhairle Bhreithiúnach na hUngáire ar gach doiciméad, inniúlacht dhlíthiúil agus uathriail in eisíocaíocht a buiséid, agus an ceart chun an chúirt inniúil agus an Chúirt Bhunreachtúil a urghabháil chun a sainchumais a chosaint. Ba cheart rialacha neamhroghnacha a thabhairt isteach freisin maidir le huachtaráin cúirte *ad interim* a ainmniú agus maidir le athimeascadh breithiúna a thoirmeasc i gcás cúirte níos airde tar éis dóibh a bheith ar iasacht. Tá coinne leis go neartóidh athchóiriú eile neamhspleáchas breithiúnach na Cúirte Uachtaraí (Kúria), go háirithe trí leasú a dhéanamh ar na rialacha maidir le huachtarán an Kúria a thoghadh, ar cheart taithí 5 bliana ar a laghad a bheith aige mar bhreitheamh, agus níor cheart an deis a bheith ann é a atoghadh. Ba cheart do Chomhairle Bhreithiúnach na hUngáire tuairim cheangailteach a bhfuil údar leis a thabhairt maidir le hoiriúnacht na n-iarrthóirí d'Uachtarán agus do Leas-Uachtarán an Kúria. Leis an athchóiriú, ba cheart deireadh a chur freisin leis an bhféidearthacht comhaltaí de chuid na Cúirte Bunreachtúla a cheapadh ar an Kúria lasmuigh den ghnáthnós imeachta iarratais, an scéim leithdháilte cásanna a fheabhsú, cumhachtaí níos láidre a áirithiú do chomhairle bhreithiúnach an Kúria. Tá coinne leis, le tuilleadh athchóirithe, go gcuirfear deireadh le bacainní ar tharchur le haghaidh réamhrialuithe chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus go gcuirfear deireadh leis an bhféidearthacht, a tugadh isteach in 2019, go ndéanfadh údaráis phoiblí agóid os comhair na Cúirte Bunreachtúla maidir le cinntí críochnaitheacha breithiúnacha chun a áirithiú go nglacfaidh na cúirteanna neamhspleácha inniúla breithiúnais chríochnaitheacha.

(25) Áirítear roinnt beart sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hiomaíocht sa soláthar poiblí, lena n-áirítear trí

shláine na nósanna imeachta soláthair phoiblí a threisiú. Is éard atá i gceist le hathchóiriú uirlis faireacháin a fhorbairt agus a úsáid ar bhonn leanúnach lena ndéantar measúnú ar leibhéal agus ar chúis na nósanna imeachta soláthair phoiblí a mbíonn tairiscintí aonair mar thoradh orthu. Chun trédhearcacht agus sláine nósanna imeachta soláthair phoiblí a threisiú, is é is aidhm d'athchóiriú rialacha coinbhleachta leasa agus oibleagáidí breise tuairiscithe agus foilsithe a thabhairt isteach d'údaráis chonarthacha. Is é is aidhm d'athchóiriú eile creat tomhais feidhmíochta a fhorbairt chun measúnú rialta a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar chost-éifeachtacht na soláthairtí poiblí, agus ar na cúiseanna le hiomaíocht theoranta sna hearnálacha is mó dá ndéanann an leibhéal íseal iomaíochta difear. Trí phlean gníomhaíochta a ghlacadh, ar bhonn dea-chleachtas idirnáisiúnta, méadaítear leibhéal na hiomaíochta sa soláthar poiblí. Ag tógáil ar na hathchóirithe sin, áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta gealltanas don Ungáir sciar na soláthairtí poiblí a fhaigheann tacaíocht ón Aontas a laghdú go dtí faoi bhun 15 %, rud a d'fhágfadh go mbeadh tairiscintí aonair ann. Chun gabháil leis na hathchóirithe sin, áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta bearta chun an córas leictreonach soláthair phoiblí a fhorbairt chun maoirseacht agus anailís neamhspleách ar iomaíocht sa soláthar poiblí a éascú.

(26) Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta athchóirithe chun cáilíocht agus trédhearcacht an phróisis cinnteoireachta a fheabhsú, trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile agus trí mheasúnuithe tionchair rialta. Is é is aidhm do bhearta gaolmhara a áirithiú go ndéantar comhairliúchán poiblí go córasach ar na ndréachtghníomhartha reachtacha arna n-ullmhú ag an Rialtas ar feadh tréimhse leordhóthanach ama, ach amháin má tá údar cuí ann gan amhlaidh a dhéanamh, agus go ndéantar measúnuithe tionchair agus mínithe a ullmhú go comhsheasmhach agus a chur ar fáil go poiblí le haghaidh dréachtghníomhartha reachtacha. Tá sé beartaithe freisin go mbeidh na páirtithe leasmhara rannpháirteach i gcur chun feidhme agus i bhformhaoirseacht an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta féin trí choiste faireacháin a chur ar bun agus a oibriú tar éis 2026, ar cheart do leath de na comhaltaí ar a laghad teacht ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá go hiomlán neamhspleách ar údaráis phoiblí. D'fhéadfadh siad sin rannchuidiú freisin le feabhas a chur ar an idirphlé sóisialta.

(27) Cuimsíonn an plean nua téarnaimh agus athléimneachta freisin bearta maidir le timpeallacht an ghnó, go háirithe maidir le feabhas a chur ar an gcóras cánach. Áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta athchóirithe atá dírithe ar dhul i ngleic le pleanáil ionsaitheach cánach ar bhealach níos éifeachtaí, amhail an tuairisciú sonraí maidir le praghsáil aistrithe a mhéadú, athbhreithniú a dhéanamh ar íoscheanglais substainte le haghaidh cáin ioncaim chorparáideach le haghaidh cuideachtaí caocha agus raon feidhme na rialacha neamh-inasbhainteachta a leathnú le haghaidh íocaíochtaí amach chuig dlínsí ísealchánach nó dlínsí cánach nialasacha. Maidir le simpliú cánach, áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta bearta chun an líon cánacha agus sochair cánach corparáide a laghdú agus maidir le claochlú digiteach na nósanna imeachta maidir le comhlíonadh cánach.

(28) Áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta athchóirithe chun inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí a fheabhsú. Áirítear leis sin bearta maidir le próiseas a bhunú le haghaidh athbhreithnithe caiteachais agus le haghaidh athbhreithnithe caiteachais a dhéanamh, feabhsuithe ar an gcreat fioscach intíre agus athbhreithniú níos leithne ar an gcreat a sheoladh an tráth céanna, agus athchóirithe ar iasachtú fóirdheonaithe.

(29) Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta uile nó ar fhothacar mór de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an Ungáir sa Seimeastar Eorpach in 2025, go háirithe maidir le comhordú beartais eacnamaíoch, creat fioscach, nuálaíocht, iomaíocht san earnáil leictreachais, athléimneacht uisce, oideachas, margadh saothair, beartas sóisialta agus tithíocht. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite, meastar freisin go rannchuideoidh an plean nua téarnaimh agus athléimneachta leis na míchothromaíochtaí, mar a shainaithnítear iad sna moltaí a rinneadh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 in 2026, atá ann san Ungáir a cheartú, go háirithe maidir le heasnamh ard rialtais agus costais mhaoiniúcháin, iomaíochas costais atá ag meathlú agus neamhchosaint ar phraghsanna fuinnimh, praghsanna méadaitheacha tithe, agus idirghabhálacha rialtais sa mhargadh airgeadais.

***Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach***

(30) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na hUngáire a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.

(31) I gcroílár straitéis fáis na hUngáire tá gealltanas mór chun a bonneagar eacnamaíoch a nuachóiriú. Le bunú na Cuideachta Rothstoic, chuirfí borradh faoi athnuachan rothstoc na hUngáire agus cruthófar bonn chun seirbhísí iarnróid a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, rud a rannchuideoidh a thuilleadh le hiarrachtaí dícharbónaithe níos leithne na tíre. Mar chomhlánú air sin, is é is aidhm d'infheistíochtaí sa tsoghluaisteacht uirbeach, lena n-áirítear tramanna, busanna agus busanna tralaí nua a fháil, nascacht a fheabhsú. Leagtar béim ar leith le caibidil REPowerEU ar neamhspleáchas fuinnimh na hUngáire a neartú agus ar dhlús a chur lena haistriú glas. Trí acmhainneacht agus solúbthacht na heangaí leictreachais a leathnú, cumasaítear comhtháthú foinsí fuinnimh in-athnuaite ar scála leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta. Le cur in úsáid an fhuinnimh gaoithe ar talamh a fhaigheann tacaíocht ó phróisis cheadaithe chuíchóirithe, mhéadófaí go mór giniúint fuinnimh in-athnuaite na hUngáire. Áirithítear go comhuaineach le nuachóiriú na líonraí tarchurtha agus dáileacháin gur féidir an fuinneamh in-athnuaite sin a chomhtháthú go héifeachtach san eangach náisiúnta. Comhlánaítear na bearta sin le hinfheistíochtaí i saoráidí stórála fuinnimh agus le hathchóirithe éifeachtúlachta i bhfoirgnimh phoiblí agus chónaithe, rud a chruthaíonn córas fuinnimh níos athléimní agus níos inbhuanaithe.

(32) Is é is aidhm do rannchuidiú na hUngáire le Comhghnóthas EuroHPC tacú le Gigeamhonarcha IS nó bonneagar ríomhaireachta coibhéiseach a bhunú, rud a ailíníonn le fís an Choimisiúin Eorpaigh maidir le ceannasacht theicneolaíoch. Ba cheart go gcuirfear dlús le forbairt na hardacmhainneachta ríomhaireachta leis an infheistíocht sin, rud a threiseodh iomaíochas na hEorpa sa gheilleagar digiteach domhanda. Ar an gcaoi chéanna, is é is aidhm do ranníocaíocht na hUngáire le Clár an

Aontais um Nascacht Shlán (IRIS²), aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chriticiúla slándála agus athléimneachta trí chumarsáid cheannasach shlán a neartú, trí athléimneacht an bhonneagair chriticiúil agus na seirbhísí poiblí a fheabhsú, agus trí fheabhas a chur ar ullmhacht in aghaidh cibirshuaití, suaití hibrideacha agus suaití eile a bhaineann leis an tslándáil.

(33) Leagtar béim chomhionann leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta ar chruthú post agus ar athléimneacht shóisialta, agus aithnítear nach mór don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe a bheith cuimsitheach. Trí chláir um lánpháirtiú i margadh an tsaothair lena ndírítear ar ghrúpaí leochaileacha, tá sé d'aidhm ag an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta deiseanna a sholáthar i dtionscnaimh um shóisialú saothair. Le tógáil naíolann nua, tacaítear a thuilleadh le tuismitheoirí atá ag obair, go háirithe mná, chun cothromaíocht a bhaint amach idir freagrachtaí teaghlaigh agus gairmiúla.

(34) Le nuachóiriú saoráidí cúraim sláinte, áirithítear rochtain chothrom ar sheirbhísí leighis ardcháilíochta ar fud na tíre. Ina theannta sin, is é is aidhm don instealladh cothromais i mBanc Forbartha na hUngáire tógáil tithíochta inacmhainne a éascú, aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí uirbeacha-tuaithe agus tacú le teaghlaigh agus mic léinn ar ioncam íseal.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(35) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheoidh leis an bplean nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear san phlean nua téarnaimh agus athléimneachta dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(36) Maidir le bearta ina bhfuil sé ábhartha, tugtar aghaidh ar an tionchar díobhálach féideartha ar an gcomhshaol agus ar an aeráid trí dhearbhuithe iomchuí go bhfuil na critéir is infheidhme le hurramú. Maolaítear rioscaí comhshaoil *ex ante* trí choinníollacha a thabhairt isteach: Tá gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) chun astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa atá faoi bhun na dtagarmharcanna ábhartha, agus go mór faoi bhun na dtagarmharcanna ábhartha a mhéid is féidir, a bhaint amach. I gcás gach ionstraime airgeadais, tugadh isteach liosta arb é is aidhm dó a áirithiú nach dtacófar le gníomhaíochtaí ná sócmhainní nach bhfuil i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

(37) Leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta, tugtar isteach trí bheart nua lena ngabhann leithdháileadh mór airgeadais a chur leis an bplean, ar cuireadh coimircí 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i bhfeidhm ina leith. Go háirithe, áirítear leis na hinfheistíochtaí sin, go háirithe an t-instealladh caipitil i gcuideachta rothstoic, an t-instealladh caipitil i mBanc Forbartha na hUngáire agus an scéim deontais le haghaidh forbairt eangaí leictreachais, critéir incháilitheachta thiomnaithe d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais 'gan dochar suntasach a dhéanamh' atá ag céim an

---

[5] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

tsoláthair cheana féin. Dá bhrí sin, meastar go leanfaidh an plean nua téarnaimh agus athléimneachta den phrionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a urramú.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn den chuid is mó (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Is éard atá sna bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide 52,9 % de leithdháileadh iomlán an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin, tá an plean nua téarnaimh agus athléimneachta comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(39) Maidir leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta ina iomláine, is é 52,9 % an caiteachas a bhaineann leis an aeráid, agus tagann na rannchuidithe is mó ó infheistíochtaí i gcur in úsáid fuinnimh in-athnuaite agus i nuachóiriú eangaí. Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta tacaíocht shubstaintiúil don ghrianfhuinneamh, agus spriocdhírítear acmhainneacht nua i mbardais faoi mhíbhuntáiste, mar aon le cur in úsáid leathnaithe gaoithe ar talamh a éascaítear le nósanna imeachta ceadaithe cuíchóirithe. Ina theannta sin, le nuachóiriú na líonraí tarchurtha agus dáileacháin, rud a chuirfidh leis an acmhainneacht, chumasófar foinsí fuinnimh in-athnuaite agus réitigh stórála fuinnimh a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i gcóras leictreachais na hUngáire. Le bearta éifeachtúlachta fuinnimh, amhail athchóiriú foirgneamh poiblí agus suiteáil méadar cliste, rannchuidítear a thuilleadh le tomhaltas fuinnimh agus astaíochtaí a laghdú. San earnáil iompair, le leictriú stráicí iarnróid agus soláthar busanna astaíochta nialasaí, laghdófaí go mór astaíochtaí gás ceaptha teasa, rud a thacóidh le spriocanna dícharbónaithe níos leithne na hUngáire. Rannchuidíonn gach beart i gcaibidil REPowerEU go hiomlán le cuspóirí aeráide agus, dá bhrí sin, comhlíonann an chaibidil an sprioc íosta 37 %. Is é is aidhm do shuiteáil na hacmhainneachta stórála fuinnimh feabhas a chur ar sholúbthacht éilimh agus soláthair, agus mhéadófaí sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh i meascán fuinnimh na hUngáire le leathnú na giniúna cumhachta gaoithe ar talamh agus le suiteálacha grianphainéal cónaithe. Meastar go rannchuideofar go mór agus go buan leis an aistriú glas leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta, rud a thacóidh le spriocanna aeráide 2030 an Aontais agus le cuspóir aeráidneodrachta 2050. Is é is aidhm don acmhainneacht leathnaithe fuinnimh in-athnuaite, mar aon le nuachóiriú eangaí agus feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh, spleáchas na hUngáire ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a ísliú. Tá na bearta sin ceaptha chun tionchar marthanach a bheith acu, ós rud é gurb é is aidhm dóibh leanúint de thairbhí comhshaoil a sholáthar i bhfad tar éis a gcur chun feidhme.

(40) Chomh maith le maolú ar an athrú aeráide, áirítear leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta eilimintí a rannchuidíonn leis an mbithéagsúlacht agus le cosaint chomhshaoil. Is é is aidhm d'idirghabhálacha coinneála uisce lena gcumhdaítear 18 000 heicteár athléimneacht éiceachóras a fheabhsú agus tacú leis an mbithéagsúlacht i limistéir thalmhaíochta, agus chuirfí feabhas ar stádas éiceolaíoch bhrainse na Danóibe trí stáisiún caidéalaithe Kvassay a nuachóiriú. Tá na hinfheistíochtaí sin ailínithe le cuspóirí comhshaoil níos leithne, rud a chomhlánaíonn

príomhfhócas an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta ar ghníomhú ar son na haeráide.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(41) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 24,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(42) Comhlíontar le plean nua téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire an sprioc caiteachais dhigitigh 20 % mar a cheanglaítear faoi chritéar measúnaithe 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus tagann na príomh-rannchuidithe ó infheistíochtaí san oideachas digiteach, i nuachóiriú an ardoideachais agus i ndigiteáil na seirbhísí poiblí. Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta uirlisí digiteacha, amhail leabhair nótaí, do scoileanna, arb é is aidhm dóibh an litearthacht dhigiteach a fheabhsú agus na scileanna is gá don gheilleagar digiteach a thabhairt do dhaltaí. Ina theannta sin, le nuachóiriú an bhonneagair ardoideachais, lena n-áirítear ábhar foghlama digití a fhorbairt agus saoráidí ardoideachais a dhigiteáil, chuirfí feabhas ar an rochtain ar oideachas digiteach agus tacófar leis an aistriú chuig foghlaim ar líne agus chuig foghlaim hibrideach. Is é is aidhm do leathnú na nósanna imeachta leictreonacha sláinte, lena n-áirítear feidhmchlár móibíleach cúraim sláinte lárnach a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach, seirbhísí cúraim sláinte a dhigiteáil, rud a chuirfidh feabhas ar éifeachtúlacht agus ar inrochtaineacht.

(43) Meastar go rannchuideofar go mór le claochlú digiteach an gheilleagair leis na bearta sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta. Is é is aidhm don infheistíocht sa tionscnamh Gigeamhonarchan IS a fhaigheann tacaíocht ó ranníocaíocht dheonach leis an gComhghnóthas EuroHPC dlús a chur le forbairt na hacmhainneachta ardríomhaireachta agus tacaíocht na hUngáire do cheannasacht dhigiteach na hEorpa a threisiú. Ar an gcaoi chéanna, le ranníocaíocht na hUngáire le Clár an Aontais um Nascacht Shlán (IRIS²), d'fheabhsófaí bonneagar slán cumarsáide satailíte na tíre, agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin chriticiúla sa tslándáil dhigiteach agus san athléimneacht dhigiteach.

*Tionchar buan*

(44) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta ar an Ungáir.

(45) Meastar go mbeidh éifeacht dhearfach mharthanach ag an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear a chaibidil REPowerEU, ar gheilleagar na hUngáire. Méadaítear uaillmhian an athchóirithe leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le moltaí an tSeimeastair Eorpaigh, mar aon le hinfheistíochtaí claochlaitheacha i ndícharbónú an iompair, san eangach leictreachais agus in FBManna. Leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta, dírítear infheistíocht mhór ar an aistriú glas, go háirithe ar acmhainneacht agus solúbthacht na heangaí leictreachais a mhéadú. Leis sin, agus athchóirithe uaillmhianacha lena

n-osclófar an margadh d'infheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh gaoithe mar chomhthacú leis, meastar go dtreiseofar slándáil fuinnimh na tíre, go laghdófar praghsanna fuinnimh agus go rannchuideofar le spleáchas na tíre ar allmhairí breosla iontaise na Rúise a laghdú, rud a mbeidh tionchar marthanach mar thoradh air. Áirítear leis sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta freisin bearta uaillmhianacha lena dtacaítear le leathadh amach feithiclí leictreacha mar aon le leictriú stráicí iarnróid i dteannta athchóiriú ar an margadh iompair d'iarnród.

(46) Le hinfheistíocht i dtithíocht inacmhainne, FBManna nuálacha agus caipiteal fiontair, méadaítear iomaíochas thimpeallacht ghnó na hUngáire. Treisítear tionchar féideartha na n-infheistíochtaí sin le hathchóirithe lena bhfeabhsaítear feidhmiú an Bhainc Forbartha Náisiúnta, lena gcuirtear deireadh le cánacha earnála áirithe de réir a chéile agus lena neartaítear feidhmiú trédhearcach an mhargaidh trí bhearta frithéillithe agus trí rialacha maidir le húinéirí tairbhiúla. Meastar go rannchuideoidh an plean nua téarnaimh agus athléimneachta go mór le hathléimneacht institiúideach na hUngáire a neartú. Meastar go mbainfear an méid sin amach tríd an gcreat frithéillithe a threisiú, tríd an neamhspleáchas breithiúnach a neartú, agus trí fheabhas a chur ar cháilíocht agus trédhearcacht an phróisis cinnteoireachta. Meastar go gcuirfear feabhas ar an timpeallacht ghnó trí bhearta chun feabhas a chur ar an gcóras cánach, ar intuarthacht rialála, agus ar iomaíocht mhéadaithe sa soláthar poiblí. Meastar freisin go rannchuideoidh an plean nua téarnaimh agus athléimneachta le bainistiú fónta buiséid trí athbhreithnithe caiteachais agus trí fheabhsuithe ar an gcreat fioscach a thabhairt isteach.

(47) Is féidir tionchar buan an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta a fheabhsú freisin trí shineirgí idir an plean nua téarnaimh agus athléimneachta agus cláir eile, lena n-áirítear na cláir sin a mhaoinítear le cistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chríochacha ar shlí shubstainteach agus trí fhorbairt chothrom a chur chun cinn.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(48) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) d'Iarscríbhinn V, critéar 2.8 a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(49) Le clocha míle agus spriocanna an phlean téarnaimh nua agus athléimneachta, cumasaítear faireachán leormhaith ar chur chun feidhme an phlean. Déanfar measúnú ar fheidhmíocht na n-infheistíochtaí a áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta ar bhonn clocha míle agus spriocanna iomadúla a bhaint amach a ndéanfaidh gach eintiteas poiblí faireachán orthu, ar eintitis iad atá i gceannas ar na bearta a chur chun feidhme agus ar phríomhchéimeanna cur chun feidhme gach infheistíochta a ghabháil. Tá na spriocanna a roghnaíodh comhsheasmhach le cuspóirí, meastacháin chostais agus sceideal cur chun feidhme gach birt agus cainníochtaítear iad le táscairí sonracha a léiríonn toradh na n-oibreacha a dhéantar. Tá clocha míle agus spriocanna ábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Is gá na clocha míle agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh ar eisíocaíocht.

(50) Áirítear le gach ceann de na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí nua a tugadh isteach sprioc agus/nó cloch mhíle amháin ar a laghad ina bhfuil príomheilimintí an bhirt agus lenar féidir measúnú a dhéanamh ar bhaint amach a chuspóirí. Tá comhchruinniú ard de dháileadh na gcloch míle agus na spriocanna ag deireadh thréimhse cur chun feidhme an phlean.

(51) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear tacaíocht airgeadais faoin tSaoráid in iúl agus go n-aithnítear í i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2021/241.

***Costáil***

(52) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) d'Iarscríbhinn V, critéar 2.9 a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, an réasúnú a thugtar sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta maidir le méid na gcostas measta iomlán den phlean nua téarnaimh agus athléimneachta ar leibhéal measartha (Rátáil B) réasúnta agus inchreidte, tá an réasúnú sin i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(53) Sholáthair an Ungáir meastacháin chostais maidir le hinfheistíochtaí uile a plean nua téarnaimh agus athléimneachta agus faisnéis leordhóthanach chun a mheas go bhfuil na costais réasúnta agus inchreidte ar an iomlán. Rinneadh meastachán ar bhearta, i measc nithe eile, bunaithe ar phraghsanna margaidh nó ar phraghsanna aonad comhchosúil in infheistíochtaí roimhe seo, ar chonarthaí a síníodh nó ar thairiscintí táscacha. Maidir le bearta eile, úsáidtear cur chuige ó bharr anuas i gcás ina bhfuil costas foriomlán an tionscadail bunaithe ar thionscadail chomhchosúla ón am a chuaigh thart. Bunaithe ar an measúnú ar na meastacháin chostais agus ar na doiciméid tacaíochta ghaolmhara, meastar go bhfuil na meastacháin chostais i gcás fhormhór na mbeart sa phlean réasúnta agus inchreidte. Tá méid chostais measta iomlán an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le cineál agus nádúr na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe. Chuir an Ungáir fianaise chostála leordhóthanach isteach lena gcuirtear bonn taca faoi na maímh a chuirtear i láthair sa phlean. Sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta, maidir le costais na mbeart nua, lena n-áirítear iad siúd i gcaibidil REPowerEU, meastar go bhfuil na meastacháin go measartha inchreidte.

(54) Sholáthair an Ungáir faisnéis agus fianaise leordhóthanach nach gcumhdaítear méid chostas measta athchóirithe agus infheistíochtaí an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta atá le maoiniú faoin tSaoráid le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. D'éileodh sé sin rátáil B faoi chritéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(55) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) d'Iarscríbhinn V, critéar 2.10 a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, is leormhaith (Rátáil A) iad na socruithe atá beartaithe sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus tá coinne leis go ndéanfaidh siad cistiú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus

coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(56) I gcomhréir le hAirteagal 20(5), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart clocha míle atá nasctha le cosaint leasanna airgeadais an Aontais a leagan amach chun comhlíonadh Airteagal 22 den Rialachán sin a áirithiú, trí chóras rialaithe leordhóthanach a bhunú. Tá coinne leis go ráthóidh comhlíonadh sásúil na clocha míle sin leordhóthanacht an chórais rialaithe inmheánaigh, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241. Tá an córas rialaithe agus na socruithe atá beartaithe sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta bunaithe ar phróisis agus ar struchtúir láidre, lena sainaithnítear go soiléir róil agus freagrachtaí na gcomhlachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le cur chun feidhme, faireachán, rialú agus iniúchadh an phlean, mar aon lena n-idirghníomhaíochtaí. Déantar foráil leo sin maidir le deighilt shoiléir idir na feidhmeanna agus na freagrachtaí cur chun feidhme, rialaithe agus iniúchóireachta. Tá an tÚdarás Náisiúnta freagrach as comhordú foriomlán an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta, as faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le clocha míle agus spriocanna, as rialuithe a dhéanamh ar chomhlachtaí cur chun feidhme, ar chomhlachtaí fodheonaithe, ar an gcomhlacht a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme, ar idirghabhálaithe airgeadais agus ar fhaighteoirí deiridh, agus as iarrataí ar íocaíocht agus dearbhuithe bainistíochta gaolmhara a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin bunaithe ar shonraí fíoraithe ón gcóras faireacháin. Sanntar ról údarás iniúchóireachta an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta don Ard-Stiúrthóireacht um Iniúchóireacht ar Chistí Eorpacha (EUTAF), ag a bhfuil an taithí riaracháin agus an inniúlacht is gá chun na cúraimí iniúchóireachta gaolmhara a dhéanamh i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta a nglactar leo go hidirnáisiúnta. Tá EUTAF freagrach as iniúchtaí córais agus tástáil shubstainteach a dhéanamh ar na clocha míle agus na spriocanna a chuirtear chun feidhme a fhónann mar bhonn don achoimre ar iniúchtaí a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin leis na hiarrataí ar íocaíocht. Treisítear an creat iniúchóireachta a thuilleadh trí chlocha míle tiomnaithe lena n-áirithítear neamhspleáchas feidhmiúil agus buiséadach EUTAF, trí straitéis iniúchóireachta ilbhliantúil a ghlacadh lena gcumhdaítear iniúchtaí córais, sampláil rioscabhunaithe agus fíoruithe ar an láthair, chomh maith le ceanglais lena n-áirithítear cumhdach iniúchóireachta leordhóthanach ar chomhlachtaí cur chun feidhme agus ar chórais rialaithe agus trí thuairim iniúchóireachta a eisiúint maidir le feidhmiú an chórais stórais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta. Áirithítear é sin go háirithe trí na clocha míle seo a leanas: 75, 81, 83 agus 84.

(57) Meastar go mbeidh inniúlacht riaracháin na gcomhlachtaí a bhfuil sé de chúram orthu an plean nua téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme, a chomhordú, faireachán a dhéanamh air agus é a rialú leormhaith chun na róil agus na cúraimí atá beartaithe dóibh a chomhlíonadh. Féadfaidh comhlachtaí cur chun feidhme, comhlachtaí fodheonaithe agus Banc Forbartha na hUngáire tacú leis an Údarás Náisiúnta, ar cuireadh cúraimí cur chun feidhme sonracha de chúram orthu ar bhonn a saineolais agus a n-inniúlachta riaracháin. Tá athchóiriú tiomnaithe ag gabháil le ról méadaithe cur chun feidhme Bhanc Forbartha na hUngáire chun a inniúlacht

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

oibríochtúil, a rialachas, a thrédhearcacht, a chórais rialaithe inmheánaigh agus a shocruithe formhaoirseachta a neartú. Meastar go ndéanfaidh an tÚdarás Náisiúnta maoirseacht ar obair na gcomhlachtaí a bhfuil baint acu leis an gcur chun feidhme ar bhonn tráthrialta. Ina theannta sin, déanann Stiúrthóireacht na hIniúchóireachta Inmheánaí agus na Sláine rialuithe tráthrialta a bhaineann le coinbhleachtaí leasa go neamhspleách ar na comhlachtaí rialaithe eile, lena n-áirítear rialacha treisithe maidir le coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú ar fud na n-eintiteas agus na dtairbhithe cur chun feidhme uile, agus fíorú córasach dearbhuithe agus rialuithe *ex post* rioscabhunaithe ar oibríochtaí. Áirítear clocha míle breise chun cur i bhfeidhm leanúnach an chreata dhlíthiúil agus institiúidigh lena rialaítear bainistiú, rialú agus iniúchadh an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú le linn thréimhse cur chun feidhme an phlean agus tar éis 2026, lena n-áirítear bunú agus cothabháil an chreata dhlíthiúil lena rialaítear feidhmeanna bainistíochta, rialaithe agus iniúchóireachta, leanúnachas coimircí a áirithiú, agus maoirseacht ar chomhlachtaí cur chun feidhme agus ar idirghabhálaithe airgeadais a threisiú. Le hathchóirithe breise, neartaítear cosaint leasanna airgeadais an Aontais, amhail Údarás Sláine a bhunú agus lena n-áirítear trí thrédhearcacht fheabhsaithe agus rochtain ar fhaisnéis maidir le húinéireacht thairbhiúil chun críoch bainistíochta, rialaithe agus iniúchóireachta, athbhreithniú rialta ar an straitéis frithchalaoise, frithéillithe chun tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme, a iniúchadh agus a rialú, bearta reachtacha lena n-áirithítear go ndéanfar imscrúduithe OLAF agus seiceálacha agus imscrúduithe ar an láthair go héifeachtach, lena n-áirítear cúnamh náisiúnta agus smachtbhannaí éifeachtacha a sholáthar i gcás neamh-chomhoibrithe, mar aon le comhar oibríochtúil treisithe le OLAF trí oibleagáidí cúnaimh éigeantaigh d'údaráis náisiúnta inniúla agus obair leantach fheabhsaithe ar thorthaí imscrúdaitheacha, agus rannpháirtíocht na hUngáire sa chomhar feabhsaithe maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bhunú. Déantar éifeachtacht an chreata frithchalaoise agus frithéillithe a threisiú a thuilleadh trí úsáid chórasach a bhaint as anailís riosca agus uirlisí mianadóireachta sonraí, lena n-áirítear uaslódálacha éigeantacha sonraí, obair leantach struchtúrtha ar rioscaí sainaitheanta, agus aschuir scórála riosca a chomhtháthú i bpróisis chinnteoireachta, le tacaíocht ó sheiceálacha iniúchóireachta ar iomláine agus iontaofacht na sonraí foluiteacha. Áirítear ar na coimircí institiúideacha sin freisin feidhm neamhspleách iniúchóireachta inmheánaí agus ionracais a bhunú ag a mbeidh cumhachtaí imscrúdaitheacha ar choinbhleachtaí leasa agus neamhrialtachtaí, arna gcomhlánú le bealaí sceithireachta agus fíorú córasach ar dhearbhuithe, chomh maith le ráthaíochtaí treisithe maidir le neamhspleáchas feidhmiúil agus buiséadach an údaráis iniúchóireachta, lena n-áiritheofar pleanáil iniúchóireachta ilbhliantúil, uathriail mhodheolaíoch agus comhlíonadh caighdeán iniúchóireachta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. Áirithítear é sin go háirithe trí na clocha míle seo a leanas:76, 77, 78, 79, 80, 82. Ina theannta sin, tá seacht gcloch mhíle leagtha síos chun a áirithiú go háirithe go neartófar an creat frithéillithe, trédhearcacht maidir le húsáid cistí poiblí agus formhaoirseacht orthu, lena n-áirítear tacaíocht ón Aontas (áirithítear é sin trí chloch mhíle 54, 55, 57, 58, 59, 62 agus 63). Tá trí chloch mhíle socraithe chun trédhearcacht agus iomaíocht mhéadaithe sa soláthar poiblí a áirithiú (áirithítear é sin trí chlocha míle 66, 68 agus 69). Tá ceithre chloch mhíle leagtha síos chun neamhspleáchas breithiúnach a neartú, rud atá ina réamhriachtanas d'fheidhmiú córais rialaithe inmheánaigh (áirithítear é sin trí chlocha míle 71, 72, 73 agus 74).

(58) Measann an Coimisiún, ar an iomlán, gur leor córas rialaithe inmheánaigh an phlean nua téarnaimh agus athchóirithe, agus aird á tabhairt freisin ar na 24 chloch mhíle a

bhaineann le córas rialaithe na hUngáire atá dírithe ar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, ar réamhchoinníoll iad maidir le haon íocaíocht faoi Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/241. Agus é á chur san áireamh go bhfuil na clocha míle sin ceaptha chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú agus chun córas rialaithe leormhaith a bhunú, sula n-údaróidh an Coimisiún aon íocaíocht faoin tSaoráid, ba cheart don Ungáir na clocha míle uile a bhaineann leis an gcóras rialaithe[7] a chomhlíonadh sula gcuirfear iarraidh ar íocaíocht isteach, agus níor cheart aon íocaíocht faoin tSaoráid a dhéanamh sula gcomhlíonfar iad. Chuir an Ungáir roinnt de na bearta sin chun cinn agus i gcomhthéacs an nós imeachta faoin Rialachán maidir le Coinníollacht. Tá ábhar na gcloch míle agus na spriocanna gaolmhara ailínithe leis na gealltanais a tugadh sa chomhthéacs sin. Ina theannta sin, áiríodh forálacha chun a áirithiú go leanfar de choimircí iniúchóireachta agus rialaithe a chur i bhfeidhm tar éis 2026. Thairis sin, neartaítear dearbhú iniúchóireachta trí fhorálacha sonracha a bhaineann le rialuithe agus iniúchtaí *ex post* neartaithe a áireamh, agus trí fhíorú a dhéanamh ar chomhlíontacht rialacha a bhaineann le calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa agus cistiú dúbailte.

***Comhleanúnachas an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta***

(59) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) d'Iarscríbhinn V, critéar 2.11 a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta ar leibhéal ard bearta (Rátáil A) le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadal infheistíochta poiblí arb é atá iontu gníomhaíochtaí comhleanúnacha.

(60) Leagtar amach an plean nua téarnaimh agus athléimneachta in 11 chomhpháirt atá comhleanúnach go frithpháirteach, lena dtacaítear le neartú an gheilleagair, na fostaíochta agus torthaí sóisialta, agus lena gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn. Leis na hinfheistíochtaí nua in Uisce agus Ciorclaíocht, Iompar, REPowerEU, agus leis na ranníocaíochtaí deonacha le cláir *Gigeamhonarchan IS* agus IRIS², neartaítear comhsheasmhacht an phlean, rud a áirithíonn go leanfaidh straitéis téarnaimh na hUngáire de bheith ailínithe lena tosaíochtaí fadtéarmacha: an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, an tslándáil fuinnimh agus an athléimneacht shocheacnamaíoch. Áirítear bearta leis an bplean lena gcruthaítear éifeachtaí iolraitheora, rud a chuireann dlús leis an dul chun cinn i dtreo spriocanna straitéiseacha na hUngáire. Meastar go spreagfar athruithe sistéamacha leis an idirghníomhú idir dícharbónú an iompair agus forbairt na heangaí. Le leictriú stráicí iarnróid, méadaítear an t-éileamh ar leictreachas glan, agus freastalaítear air sin le nuachóiriú na heangaí, rud a thacaíonn le leathnú stáisiún luchtaithe feithiclí leictreacha. Tá acmhainneacht agus solúbthacht fheabhsaithe na heangaí (a bhaintear amach trí infheistíochtaí i saoráidí stórála eangaí cliste agus in uasghráduithe tarchuir) fíor-riachtanach chun an t-ualach breise ón iompar leictrithe a bhainistiú. Leis na bearta a áirítear, déantar aistriú glas agus aistriú digiteach na hUngáire a neartú a thuilleadh. Áirítear le Comhchuid 6 (Fuinneamh) agus REPowerEU bearta lena spriocdhírítear ar dheighleoga éagsúla den chóras fuinnimh. Cé go gcumhachtaítear teaghlaigh le tacaíocht painéil ghréine chónaithe a bhfuinneamh in-athnuaite féin a ghiniúint, dírítear le forbairt gaoithe ar talamh ar acmhainneacht in-athnuaite ar mhórscála agus scaoiltear acmhainneacht le haghaidh téamh tionsclaíoch agus ceantair le hathchóirithe fuinnimh gheoiteirmigh. Gníomhaíonn forbairt eangaí mar bheart

[7] Is amhlaidh atá i gcás clocha míle 54, 55, 57, 58, 59, 62, 63, 66, 68, 69, 71, 72, 73, 74, 75, 76, 77, 78, 79, 80, 81, 82, 83, 84.

comhlántach criticiúil trína áirithiú go bhféadfaidh an bonneagar tarchurtha agus dáileacháin freastal ar acmhainneacht agus inathraitheacht mhéadaithe na bhfoinsí in-athnuaite sin. Maidir leis an gclaochlú digiteach, neartaítear cumais ríomhaireachta ardfheidhmíochta leis na ranníocaíochtaí deonacha nua le cláir Gigeamhonarchan IS agus IRIS², agus déantar soláthar seirbhíse poiblí a nuachóiriú le digiteáil an chúraim sláinte. Le scaipeadh an mhéadraithe chliste, beart comhlántach eile, feabhsaítear éifeachtúlacht fuinnimh agus bainistiú eangaí trí shonraí fíor-ama maidir le tomhaltas a sholáthar. Fágann sé sin gur féidir bainistiú níos fearr a dhéanamh ar thaobh an éilimh, rud atá criticiúil de réir mar a chomhtháthaítear foinsí fuinnimh in-athnuaite níos athraithí in eangach na hUngáire. I dteannta a chéile, áirithítear leis na hinfheistíochtaí sin go dtacaítear le príomhghnéithe an aistrithe dhigitigh, bídís tionsclaíoch, poiblí nó bonneagair.

*An Comhionannas*

(61) Leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta, comhtháthaítear comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna mar thosaíochtaí trasearnálacha, rud a ailíníonn le Prionsabal 2 (Comhionannas Inscne) agus le Prionsabal 3 (Comhionannas Deiseanna) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Áirítear leis sa phlean bearta spriocdhírithe chun éagothromaíochtaí inscne san oideachas, i rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus i rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha a laghdú. San oideachas agus cúram luath-óige, le tógáil 110 áit naíolainne nua (C1.I4), thacófaí le tuismitheoirí - go háirithe mná - cothromaíocht a bhaint amach idir freagrachtaí oibre agus teaghlaigh, rud a fheabhsóidh rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair. Cuirtear oideachas cuimsitheach chun cinn freisin leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta trí bhearta chun idirdheighilt sna scoileanna a laghdú (C1.R1) agus chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (C1.I2), lena n-áirithítear rochtain chomhionann ar oideachas ardcháilíochta do gach leanbh, gan beann ar chúlra socheacnamaíoch.

*Féinmheasúnú slándála*

(62) Níor soláthraíodh féinmheasúnú slándála toisc nár mheas an Ungáir é a bheith iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 18(4), pointe (g) de Rialachán (AE) 2021/241. Cumhdaítear leis na hinfheistíochtaí sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta an ranníocaíocht dheonach le cláir Gigeamhonarchan IS agus IRIS². Chuirfí na dearbhuithe slándála is gá i bhfeidhm mar chuid d'fhorghníomhú na gclár faoi seach.

*Tionscadail trasteorann agus ilnáisiúnta*

(63) Tá gné láidir trasteorann agus ilnáisiúnta ag baint leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta. Áirítear le caibidil REPowerEU príomh-athchóirithe agus príomh-infheistíochtaí lena ndreasaítear glacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite, lena neartaítear margaí solúbthachta agus athléimneacht an líonra leictreachais agus lena gcuirtear feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh, rud a rannchuidíonn leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Is é is aidhm d'fhorbairt an líonra leictreachais tacú le glacadh fuinnimh in-athnuaite agus feabhas a chur ar naisc leictreachais tomhaltóirí agus táirgeoirí. In éineacht leis na hathchóirithe lena ndreasaítear stóráil fuinnimh, nasc fuinnimh gaoithe ar talamh agus feidhmiú an mhargaidh solúbthachta, is beart criticiúil í an infheistíocht sin lena gcothaítear athléimneacht líonra leictreachais an Aontais agus lena laghdaítear an spleáchas ar bhreoslaí iontaise. Ar deireadh, is cumasóir í an ionstraim airgeadais a thacaíonn le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh ar theaghaisí cónaithe chun éifeacht na n-athchóirithe agus na hinfheistíochta

thuasluaite a mhéadú trí thomhaltas fuinnimh teaghlach a laghdú. EUR 704,510,828 atá i gceist le costais iomlána mheasta na mbeart sin agus is é sin 100 % de chostais mheasta chaibidil REPowerEU, níos mó ná an sprioc táscach 30 %. Tá ról lárnach ag comhpháirt REPowerEU maidir le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha na hUngáire, go sonrach moladh tírshonrach 2022/5, moladh tírshonrach 2022/6, agus moladh tírshonrach 2023/4, trí éifeachtúlacht fuinnimh, nuachóiriú bonneagair agus nascacht trasteorann a chur chun cinn. Tionscadal suaitheanta faoin scéim sin is ea leictriú líne iarnróid Szeged–Röszke, a shíneann go teorainn na hUngáire leis an tSeirbia, mar aon le rian deilte leictrithe nua a thógáil a nascann línte iarnróid 136 agus 140. Leis na huasghráduithe sin, d'fheabhsófaí éifeachtúlacht iompair iarnróid trasteorann, laghdófar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, agus ailíneofar le spriocanna dícharbónaithe agus soghluaisteachta inbhuanaithe an Aontais. Tríd an mbonneagar criticiúil a nuachóiriú, tacaítear le haistriú glas na hUngáire, neartaítear naisc eacnamaíocha réigiúnacha, agus feabhsaítear lóistíocht do sheirbhísí paisinéirí agus lasta araon leis an tionscadal. Léirítear leis an tionscnamh cuspóirí níos leithne REPowerEU, lena n-áirítear dlús a chur le neamhspleáchas fuinnimh, borradh a chur faoi chomhtháthú fuinnimh in-athnuaite agus athléimneacht iompair uile-Aontais a threisiú, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar éagothromaíochtaí socheacnamaíocha trí infheistíochtaí spriocdhírithe fuinnimh agus bonneagair. Tá gné shoiléir thrasteorann ag baint le ranníocaíocht EUR 500 000 000 na hUngáire le tionscnamh Gigeamhonarchan IS. Is bonneagair straitéiseacha ar leibhéal an Aontais iad Gigeamhonarchana IS atá ceaptha chun rochtain a sholáthar do thaighdeoirí, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí Eorpacha ar fud na mBallstát uile ar chumhacht ríomhaireachta mhórscála agus ar chumais oiliúna le haghaidh samhlacha IS ceannródaíocha. Maidir le tairbhí na hinfheistíochta - i dtéarmaí acmhainneacht chomhroinnte IS, rochtain oscailte ar acmhainní sár-ríomhaireachta, agus ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a neartú - dearadh iad sa gcaoi go mbeidh tionchar na dtairbhí le brath i bhfad thar theorainneacha na hUngáire. Ar deireadh, tá gné bhunúsach thrasteorann ag baint le ranníocaíocht EUR 500 000 000 na hUngáire le clár buíonta IRIS². Maidir le bonneagar agus tairbhí IRIS² - lena n-áirítear athléimneacht fheabhsaithe cumarsáide agus spleáchas laghdaithe ar sholáthraithe nach soláthraithe den Aontais iad – carnfaidh siad, trí dhearadh, ar fud na mBallstát uile, i bhfad thar theorainneacha na hUngáire.

***Próiseas comhairliúcháin***

(64) Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara maidir leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta. Go háirithe, bhí bearta a aistríodh ón bplean téarnaimh agus athléimneachta roimhe seo go dtí an plean nua téarnaimh agus athléimneachta faoi réir comhairliúchán poiblí tráth a cuireadh an plean sin isteach. Ina theannta sin, bhí na bearta agus na hinfheistíochtaí a aistríodh ó chláir eile de chuid an Aontais chuig an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta faoi réir tuilleadh comhairliúchán sular foilsíodh a nglaonna faoi seach. Thairis sin, chuathas i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara sa choiste faireacháin don phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis na bearta nua a áirítear i bplean nua téarnaimh agus athléimneachta na hUngáire agus tá siad i mbun tuilleadh comhairliúchán de réir mar atá siad á seoladh i gcomhréir leis an gcreat náisiúnta.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(65) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), mheas an Ungáir gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mheas an Ungáir, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le háireamh sa phlean nua téarnaimh agus athléimneachta toisc nach raibh am leordhóthanach ann chun tionscadal den sórt sin a chur i gcrích roimh dháta deiridh na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

***Measúnú dearfach***

(66) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta arb é an toradh a bhí air go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart don Chinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá a leagan amach chun an plean nua téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha a bhaint amach, agus an méid a chuireann an tAontas ar fáil i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha agus iasachta chun an plean nua téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

***Rannchuidiú airgeadais***

(67) Is é costas iomlán measta an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta EUR 10 000 000 000, nó HUF 3 553 302 225 000 ar bhonn mheánráta tagartha EUR HUF an Bhainc Ceannais Eorpaigh an 9 Meitheamh 2026. Rinneadh na suimeanna in euro dá dtagraítear sna tuairiscí ar na bearta agus ar na clocha míle agus na spriocanna comhfhreagracha a ríomh ar an mbonn céanna agus ba cheart measúnú a dhéanamh orthu agus é sin á chur san áireamh.

(68) Ós rud é go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta nua na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241 go sásúil agus, thairis sin, ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais atá ar fáil don Ungáir, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais a leithdháiltear le haghaidh phlean téarnaimh agus athléimneachta nua na hUngáire a bheith comhionann le EUR 6 511 661 435.

(69) Thairis sin, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, ba cheart tacaíocht iasachta iomlán EUR 3 918 313 481 a chur ar fáil don Ungáir. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean nua téarnaimh agus athléimneachta níos ísle ná an ranníocaíocht airgeadais chomhcheangailte atá ar fáil don Ungáir agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Ungáir. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán a chuirtear ar fáil don Ungáir a laghdú go EUR 3 488 338 565. Is lú uasmhéid na hiasachta a d'iarr an Ungáir ná 6,8 % d'ollioncam náisiúnta na tíre do 2019 i bpraghsanna reatha.

(70) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle 15 Nollaig 2022 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 sin a ionadú go hiomlán.

(71) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an

Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean nua téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean nua téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha agus na clocha míle agus spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.

*Airteagal 2*

Leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 15 Nollaig 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Ungáir mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Ungáir i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha arb é EUR 6 511 661 435 atá i gceist leis.[8]

(2) in Airteagal 2a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Ungáir ar uasmhéid EUR 3 488 338 565.

(3) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig an Ungáir a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[8] Comhfhreagraíonn an tsuim sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hUngáire den speansais dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán sin.